An Coimisiún Eorpach

# AN DÓIGH LE HULLMHÚ DO BREXIT

## TREOIR CHUSTAIM DO GHNÓLACHTAÍ



*Aontas cánachais agus custaim*

In éagmais Comhaontú um Tharraingt Siar, lena gcuirfí idirthréimhse i bhfeidhm go dtí deireadh 2020 (agus féidearthacht ann síneadh a chur leis an idirthréimhse sin, mar a fhoráiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar), is mar thír nach bhfuil san Aontas a chaithfear leis an Ríocht Aontas chun críocha custaim ón 30 Márta 2019.

Tá sé práinneach anois go dtosóidh gnólachtaí san Aontas Eorpach ag ullmhú do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, mura bhfuil siad tosaithe go fóill.

## DÉANFAIDH BREXIT DIFEAR DO DO CHUIDEACHTA MÁ BHÍONN SIBH I MBUN...

- ...earraí a dhíol nó seirbhísí a sholáthar sa Ríocht Aontaithe, nó
- ...earraí a cheannach nó seirbhísí a fháil sa Ríocht Aontaithe, nó
- ...earraí a iompar tríd an Ríocht Aontaithe.

## CAD A CHIALLAÍONN SÉ SIN?

Gan idirthréimhse (mar atá leagtha síos sa Chomhaontú um Tharraingt Siar) nó gan socrú cinntitheach, is faoi rialú rialacha ginearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála, gan fabhair a chur i bhfeidhm, a bheidh an caidreamh trádála leis an Ríocht Aontaithe ón 30 Márta 2019.

Tiocfaidh an méid seo a leanas go háirithe mar thoradh air sin:

- Beidh feidhm ag **foirmiúlachtaí** custaim, beidh gá le dearbhuithe a chur isteach agus is féidir go n-éileoidh na húdaráis chustaim ráthaíochtaí i dtaca le fiacha custaim atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Beidh feidhm ag **dleachtanna** custaim maidir le hearraí atá ag teacht isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe, gan fabhair.

- Is féidir freisin go mbeidh feidhm ag **toirmisc nó srianta** maidir le hearraí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas ón Ríochta Aontaithe, rud a fhágann gur féidir go mbeidh gá le ceadúnais iompórtála agus easpórtála.
- Ní bheidh **ceadúnais iompórtála agus easpórtála** arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe bailí a thuilleadh san Aontas (AE27).
- Ní bheidh **údaruithe i leith simplithe nó nósanna imeachta custaim**, amhail trádstóráil chustaim, arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe bailí a thuilleadh san Aontas (AE27).
- Ní bheidh údaruithe mar **Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe** (AEO) arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe bailí a thuilleadh san Aontas (AE27).
- Gearrfaidh na Ballstáit **CBL ag céim na hiompórtála** ar earraí atá ag teacht isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe. Beidh easpórtálacha chuig an Ríochta Aontaithe díolmhaithe ó CBL.
- Athrófar na rialacha maidir le CBL a dhearbhú agus a íoc (i gcás soláthróirí seirbhísí amhail **seirbhísí leictreonacha**), agus maidir le h**aisíocaíochtaí trasteorann CBL**.
- Beidh dearbhú easpórtála ag teastáil le haghaidh gluaiseachtaí **earraí chuig** an Ríocht Aontaithe. Is féidir freisin go mbeidh doiciméad riaracháin leictreonach (eAD) ag teastáil le haghaidh gluaiseachtaí earraí máil chuig an Ríocht Aontaithe.
- Ní mór gluaiseachtaí **earraí máil ón** Ríocht Aontaithe chuig an Aontas (AE27) a shaoradh ó fhoirmiúlachtaí custaim sular féidir tús a chur le gluaiseacht faoin gCóras um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil(EMCS).

## CAD BA CHEART DUIT A DHÉANAMH?

Ní mór do gach gnólacht lena mbaineann ullmhú don tarraingt siar, gach cinneadh is gá a dhéanamh agus gach gníomhaíocht riaracháin is gá a chríochnú faoin 30 Márta 2019 chun aon chur isteach a sheachaint.

Lean an seicliosta seo thíos le heolas a chur ar na céimeanna praiticiúla is gá duit a thabhairt a luaithe is féidir chun bheith ullmhaithe don tarraingt siar.

# SEICLIOSTA BREXIT LE HAGHAIDH LUCHT TRÁDÁLA

## DÉAN AMACH AN MBÍONN DO GHNÓLACHT AG TRÁDÁIL LEIS AN RÍOCHT AONTAITHE NÓ AG IOMPAR EARRAÍ TRÍD AN RÍOCHT AONTAITHE.

*Má bhíonn:*

☐ **CLÁRAIGH** do ghnólacht leis an údarás náisiúnta custaim, mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin i dtaca le trádáil le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Tá teacht ar shonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta custaim sa liosta seo. https://europa.eu/!Xr37YV

☐ **DÉAN AMACH** an bhfuil na nithe seo a leanas ag do ghnólacht le go mbeidh sé réidh le leanúint de bheith ag trádáil leis an Ríocht Aontaithe nó tríd an Ríocht Aontaithe:

1. **acmhainneacht foirne** (baill foirne atá oilte in ábhair chustaim);
2. **acmhainneacht theicniúil** (córais TF agus eile); agus
3. **údaruithe custaim**, le haghaidh nósanna imeachta speisialta (stóráil, próiseáil nó le haghaidh earraí a thagann faoin riail “úsáid shonrach”) mar shampla.

☐ **FIOSRAIGH** den údarás náisiúnta custaim na **simplithe agus na héascuithe** custaim atá ann cheana agus atá ar fáil do do ghnólacht, mar shampla:

1. simplithe le haghaidh earraí a chur faoi nós imeachta custaim;
2. ráthaíochtaí cuimsitheacha, a bhfuil méideanna laghdaithe nó tarscaoiltí ag gabháil leo;
3. simplithe le haghaidh nósanna imeachta idirthurais.

- ☐ **SMAOINIGH AR** iarratas a chur isteach ar stádas mar **Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe** (AEO) ó d'údarás náisiúnta custaim.

- ☐ Má tá tú cláraithe don **mhion-ionad ilfhreastail CBL** sa Ríocht Aontaithe, **CLÁRAIGH** i gceann de Bhallstáit AE27.

- ☐ Má tá CBL íoctha agat sa Ríocht Aontaithe in 2018, **cuir isteach do chuid éileamh ar aisíocaíocht CBL in am trátha roimh an 29 Márta 2019** ionas go mbeifear in ann iad a phróiseáil roimh an dáta sin.

- ☐ Labhair le do **chomhpháirtithe gnó** (soláthróirí, idirghabhálaithe, iompróirí srl.) mar is féidir go mbeidh tionchar ag Brexit ar an slabhra soláthair.

- ☐ Féach ar an leathanach seo ar a bhfuil **modúil ríomhfhoghlama** maidir le **Custam agus Cáin** lena fháil amach an bhfuil oiliúint bhreise ag teastáil uait féin nó ó do bhaill foirne.

- ☐ Tá eolas teicniúil níos mionsonraithe le fáil ar leathanach gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar a bhfuil "fógraí i dtaobh ullmhacht le haghaidh Brexit" ar réimse leathan ábhar, Custam agus Cáin san áireamh.

**Chun teacht ar eolas agus ar chabhair bhreise, déan teagmháil leis na húdaráis náisiúnta i do thír féin, leis an gComhlachas Tráchtála agus Tionscail áitiúil nó le comhlachas tionscail d’earnála féin.**

## TEAGMHÁIL

http://gov.ie/Brexit
https://www.revenue.ie/brexit
https://www.prepareforbrexit.com/
brexitqueries@revenue.ie

## BREIS EOLAIS AGUS NAISC GHAOLMHARA

- Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE
  https://ec.europa.eu/taxation_customs/uk-withdrawal-ga
- Bileog eolais: “Seacht rud is gá a bheith ar eolas ag gnólachtaí AE27 chun ullmhú do Brexit”
  https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/factsheet-preparing-withdrawal-brexit-preparedness-web_en.pdf
- Teagmhálacha údaráis náisiúnta AE27 i réimse an Chustaim agus na Cánach
  https://europa.eu/!Xr37YV
- Leathanach ar a bhfuil “fógraí i dtaobh ullmhacht le haghaidh Brexit” ar gach ábhar
  https://ec.europa.eu/info/brexit/brexit-preparedness/preparedness-notices_ga
- Modúil ríomhfhoghlama maidir le Custam agus Cáin
  https://ec.europa.eu/taxation_customs/eu-training/general-overview_en

## NÓTAÍ

Oifig na bhFoilseachán


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-79-99969-7 | doi:10.2778/13 | KP-01-19-120-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-79-99964-2 | doi:10.2778/755391 | KP-01-19-120-GA-N |